Scéim Leabhar na Sraithe Sóisearaí agus Soláthar Páipéarachais

Cuspóir: Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo ionchais na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a leagan amach maidir le Scéim Leabhar na Sraithe Sóisearaí agus soláthar pacaí páipéarachais faoi Choláiste Eoin ag cinntiú chúram cuí mhaoin na scoile agus ag tabhairt aghaidhe ar fhreagrachtaí i gcásanna caillteanais nó damáiste.
Nóta: Tá Scéim na Leabhar Scoile á feidhmiú ag scoileanna ar bhuiséad teoranta réamhshainithe, cinntithe ag an Roinn Oideachais.
Nóta: Tá sé tábhachtach a shonrú go bhfuil an buiséad, cinntithe ag an Roinn Oideachais, faoi réir athraithe go bliantúil agus mar sin ní féidir linn an soláthar céanna a chinntiú bliain i ndiaidh bliana.

Scéim Leabhar:

- Fanann na leabhair a chuirtear ar fáil faoin scéim leabhar faoi úinéireacht Choláiste Eoin i gcónaí. Tugtar na leabhair seo ar iasacht do dhaltaí don bhliain acadúil agus ní mór caitheamh leo le cúram agus le meas.
- Tá sé tábhachtach a shonrú go leanfaidh scoileanna ag úsáid leabhar atá i gcúrsaíocht cheana féin faoi scéimeanna cíosa leabhar scoile. Déanfaidh scoileanna na leabhair a cheannaítear faoin scéim seo a athúsáid freisin.
- Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú go láimhseálann na scoláirí na leabhair go cúramach chun go n-éascóidh an scoil iad a athúsáid sna blianta a leanann.
- Táthar ag súil go gclúdóidh tuismitheoirí/caomhnóirí an costas a bhaineann le leabhar a chailltear nó a ndéantar damáiste dóibh a athchur, seachas gnáth chaitheamh agus cuimilt. Áirítear leis seo damáiste de bharr faillí nó mí-láimhseála.
- Ní thabharfar leabhair nua ina n-áiteanna ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus má cheadaíonn an buiséad é.

Soláthar Páipéarachais:

- Cuirfidh Coláiste Eoin paca caighdeánach páipéarachais ar fáil do gach mac léinn, mar atá leagtha amach i dtreoirlínte na Roinne Oideachais. Tá an pacáiste seo ceaptha chun bunriachtanais páipéarachais a chlúdach do chríocha acadúla.
- Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí ar an airdeall gurbh fhéidir nach gclúdódh an pacáiste páipéarachais a chuirtear ar fáil na riachtanais iomlána páipéarachais agus trealaimh do gach ábhar.
- B'fhéidir go mbeadh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí páipéarachas nó trealamh speisialta breise atá ag teastáil le haghaidh ábhar ar leith a fháil ar leithligh. Cuirfear an riachtanas seo in iúl do thuismitheoirí.
- Tá páipéarachas úsáidte agus/nó caillte le hathlíonadh/athsholáthar ag Tuismitheoirí / Caomhnóirí.

Cúraimí Tuismitheoirí/Caomhnóirí:

- Bítear ag súil go dtacóidh tuismitheoirí/caomhnóirí le hoideachas a bpáiste trína chinntiú go bhfuil na hábhair riachtanacha foghlama acu, téacsleabhair agus páipéarachas san áireamh. Áirítear leis seo leabhair/trealamh/páipéarachas a chosaint ar feadh ré na Sraithe Sóisearaí de réir pholasaí na scoile.
- Moltar seiceáil agus monatóireacht rialta a dhéanamh ar riocht na leabhar agus na n-earraí páipéarachais a chuirtear ar fáil do na daltaí. Ba chóir aon cheist a thuairisciú go pras don scoil.
- I gcás caillteanais nó damáiste do leabhair nó páipéarachas, ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí an scoil a chur ar an eolas láithreach agus socrú a dhéanamh le hathsholáthar nó le haisíoc mar is gá.
- Níor cheart go gcuirfeadh srianta airgeadais bac ar rochtain an dalta ar acmhainní oideachais. Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil deacrachtaí acu na dualgais seo a chomhlíonadh dul i dteagmháil leis an scoil chun na roghanna tacaíochta atá ar fáil a fhiosrú.

Tacaíocht Scoile:

- Aithníonn Coláiste Eoin go bhféadfadh cúinsí gan choinne teacht chun cinn, agus déanann sé iarracht obair le tuismitheoirí/caomhnóirí chun dul i ngleic le haon dúshláin a bhaineann leis an scéim leabhar nó le soláthar páipéarachais.
- Soláthróidh an scoil cúnamh agus treoir de réir mar is gá chun a chinntiú go mbeidh teacht ag gach dalta ar na hacmhainní atá riachtanach dá gcuid oideachais. **Tabhair faoi deara, áfach, *go bhfuil Scéim na Leabhar Scoile á hoibriú ag Scoileanna ar bhuiséad teoranta réamhshainithe, cinntithe ag an Roinn Oideachais.***

Athbhreithniú agus Leasuithe:

- Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go tréimhsiúil lena éifeachtacht agus lena ábharthacht a chinntiú.
- Is féidir leasuithe a dhéanamh ar an bpolasaí seo de réir mar a mheasann Bord Bainistíochta na scoile a bheith riachtanach, agus aird á tabhairt ar ionchur ó pháirtithe leasmhara ábhartha.

Tá Coláiste Eoin tiomanta do chaidreamh chomhoibríoch a chothú le tuismitheoirí/caomhnóirí chun tacú le haistear oideachasúil ár ndaltaí. Is mór againn do chomhoibriú agus do thuiscint agus sinn ag cloí leis na treoirlínte seo ar mhaithe le gach dalta agus pobal na scoile.

Junior Cycle Book Scheme and Stationery Provision

Objective: This policy aims to outline the expectations of parents/guardians regarding the Junior Cycle Book Scheme and the provision of stationery packs by Coláiste Eoin, ensuring the proper care of school property and addressing responsibilities in cases of loss or damage.
Note: Schools are operating the School Book Scheme on a predefined and limited budget as determined by the Department of Education.
Note: It is important to note that the budget, as determined by the Department of Education, is subject to change annually and so we cannot guarantee the same provision year on year.

Book Scheme:

- The books provided under the book scheme remain the property of Coláiste Eoin at all times. These books are lent to students for the academic year and must be treated with care and respect.
- It is important to note that schools will continue to use books already in circulation under school book rental schemes. Schools will also re-use the books purchased under this scheme.
- It is the responsibility of parents/guardians to ensure that students handle the books with care to facilitate their reuse by the school in subsequent years.
- Parents/guardians are expected to cover the cost of replacing any lost or damaged books, beyond ordinary wear and tear. This includes damage caused by negligence or mishandling.
- Books will only be replaced in *exceptional* circumstances and only when the budget allows.

Stationery Provision:

- Coláiste Eoin will provide a standard stationery pack for all students, as outlined in Department of Education guidelines. This pack is intended to cover basic stationery needs for academic purposes.
- **Parents/guardians should be aware that the provided stationery pack may not fully cover the total stationery and equipment requirements for all subjects.**
- Additional stationery or specialised equipment required for specific subjects may need to be acquired separately by parents/guardians. This requirement will be notified to parents.
- Used and/or lost stationery is to be replenished/replaced by Parents/Guardians.

Responsibilities of Parents/Guardians:

- Parents/guardians are expected to support their child's education by ensuring they have the necessary materials for learning, including textbooks and stationery. This includes the safeguarding of books/equipment/stationery for the duration of Junior Cycle as per school policy.
- Regularly checking and monitoring the condition of books and stationery items provided to students is encouraged. Any issues should be promptly reported to the school.
- In cases of loss or damage to books or stationery, parents/guardians should notify the school immediately and arrange for replacement or reimbursement as required.

- Financial constraints should not hinder a student's access to education resources. Parents/guardians facing difficulties in meeting these obligations are encouraged to communicate with the school to explore available support options.

School Support:

- Coláiste Eoin acknowledges that unexpected circumstances may arise, and endeavours to work with parents/guardians to address any challenges related to the book scheme or stationery provision.
- The school will provide assistance and guidance as needed to ensure all students have access to the necessary resources for their education. However, **please note, *Schools are operating the School Book Scheme on a predefined and limited budget as determined by the Department of Education.***

Review and Amendments:

- This policy will be reviewed periodically to ensure its effectiveness and relevance.
- Amendments may be made to this policy as deemed necessary by the school Board of Management, with consideration for input from relevant stakeholders.

Coláiste Eoin is committed to fostering a collaborative relationship with parents/guardians to support the educational journey of our students. We appreciate your cooperation and understanding in adhering to these guidelines for the benefit of all students and the school community.